2026/2185

28.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2185 ÓN gCOMHAIRLE

an 28 Meán Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Sna conclúidí uaithi an 18 agus an 19 Meitheamh 2026, d'athdhearbhaigh an Chomhairle Eorpach go dtacaíonn sí go daingean agus go daingean i gcónaí le neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha a aithnítear go hidirnáisiúnta. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl go leanfaidh an tAontas de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a sholáthar don Úcráin agus dá muintir, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn léi. Chuir an Chomhairle Eorpach in iúl freisin go bhfuil an tAontas réidh chun dlús a chur leis an mbrú ar an Rúis, lena n-áirítear trí smachtbhannaí breise a ghlacadh.

(3) I bhfianaise chogadh foghach leanúnach na Rúise ar an Úcráin, agus i bhfianaise go háirithe an Rúis a bheith ag díbirt leanaí Úcránacha go córasach agus go neamhdhleathach agus á n-aistriú le forneart chuig Cónaidhm na Rúise agus laistigh de chríocha atá faoi fhorghabháil shealadach, chomh maith le bheith á n-uchtú go héigeantach agus ag cur athoideachas éigeantach orthu, ar gníomhartha iad sin a sháraíonn go tromchúiseach an dlí idirnáisiúnta agus ar sárú iad ar chearta bunúsacha an linbh, agus é mar aidhm leo féiniúlacht na hÚcráine a scriosadh agus an bonn a bhaint de chaomhnú na nglúnta atá le teacht, measann an Chomhairle gur gá bearta sriantacha breise a ghlacadh.

(4) Go háirithe, measann an Chomhairle gur cheart deichniúr agus 17 n-eintiteas a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2014/145(1)/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

M. HEYDON

Cuirtear na daoine agus na heintitis seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

Daoine

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘2111.	Oleg Ivanovich SLADKEVICH Rúisis: Олег Иванович СЛАДКЕВИЧ	Feidhm: Stiúrthóir ar Scoil Horlivka Uimh. 42, “Daon-Phoblacht Donetsk” mar a ghairtear di; Leas-Cheannaire pháirtí “United Russia” de Chomhairle Cathrach Horlivka i “Daon-Phoblacht Donetsch” mar a ghairtear di, an Úcráin Dáta breithe: 22.10.1970 Áit bhreithe: Sráidbhaile Zhurzhyntsi, réigiún Cherkasy, PSS na hÚcráine, APSS Inscne: fireann Náisiúntacht: Rúiseach Uimhir aitheantais chánach: 614322985391	Tá Oleg Sladkevich ina stiúrthóir ar Scoil Uimh. 42 in Horlivka, “Daon-Phoblacht Donetsk” mar a ghairtear di, an Úcráin. Is leas-cheannaire den pháirtí “United Russia” é Oleg Sladkevich freisin i gComhairle Chathrach Horlivka i “Daon-Phoblacht Donestk” mar a ghairtear di, ón bPáirtí “United Russia”. Ghlac Oleg Sladkevich páirt in “oibríocht mhíleata speisialta” na Rúise, mar a ghairtear di, in 2022. Mar stiúrthóir, formheasann agus síníonn Oleg Sladkevich Cairt agus cláir oideachais na scoile lena ndéantar an institiúid a ailíniú le caighdeáin chónaidhme na Rúise, lena gcuirtear chun cinn dílseacht don Rúis, oideachas tírghrách, luachanna stáit na Rúise, agus ullmhacht chun freastal ar an Rúis. Faoi cheannaireacht Oleg Sladkevich, úsáideann an scoil téacsleabhair chónaidhme Rúiseacha, óstálann sí tionscadail agus imeachtaí lena gcuirtear smaointeoireacht ar son na Rúise agus insintí ar “athaontú” Donbas atá faoi fhorghabháil leis an Rúis chun cinn. Tá Scoil Uimh. 42 ar cheann de na heagraíochtaí a dhéanann gníomhaíochtaí oideachais faoi chláir oideachais atá creidiúnaithe ag an stát, lena gcomhtháthaítear na cláir sin sa chóras oideachais atá faoi rialú na Rúise. Glacann an scoil páirt i gcláir lena n-aistrítear leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis le haghaidh gníomhaíochtaí “athshlánaithe”.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
			Léiríonn cleamhnacht pholaitiúil Oleg Sladkevich leis an bpáirtí rialaithe “United Russia” agus a rannpháirtíocht i gcórais rialachais agus oideachais arna bhforchur ag an Rúis go dtacaíonn sé le rialtas Chónaidhm na Rúise. D’fhóin Oleg Sladkevich freisin ar thaobh na Rúise san “oibríocht mhíleata speisialta”, mar a ghairtear di, in 2022 in “Daon-Phoblacht Donestk”, mar a ghairtear di. Glacann Oleg Sladkevich páirt i gcomhdhálacha, cigireachtaí agus tionscadail pháirtí, arna gcistiú agus arna gcomhordú ag údaráis chónaidhme na Rúise agus údaráis “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, lena gcuirtear chun cinn tionscnaimh chónaidhme na Rúise, athchóirithe oideachais, cláir thírghrácha, agus lena léirítear críocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil mar chuid den Rúis. Ina theannta sin, leanann scoil Oleg Sladkevich caighdeáin oideachais, curaclaim agus creataí institiúideacha na Rúise. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais á gcur chun feidhme ag Oleg Sladkevich lena rannchuidítear le comhshamhlú éigeantach mionaoiseach Úcránach, lena n-áirítear síolteagasc. Ina theannta sin, tá Oleg Sladkevich ag tacú le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn de cheannasacht na hÚcráine agus ar bagairt iad ar iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine, agus tá sé á gcur chun feidhme.	

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2112	Rustam Nurgaliyevich MINNIKHANOV Rúisis: Рустам Нургалиевич МИННИХАНОВ	Feidhm: Uachtarán Phoblacht na Tatarstáine Dáta breithe: 1.3.1957 Áit bhreithe: Novyi Arysh, Ceantar Rybno-Slobodsky, an Tatarstáin, an tAontas Sóivéadach Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 165500470639	Is é Rustam Minnikhanov Uachtarán Phoblacht na Tatarstáine. Sa cháil sin, tá Rustam Minnikhanov ag éascú díbirt neamhdhleathach leanaí Úcránacha chuig campaí atá lonnaithe i réigiún na Tatarstáine, lena n-áirítear an campa “Miras” i gceantar Zelenodolsky. Tá na gníomhaíochtaí atá á saothrú ag Rustam Minnikhanov mar chuid de straitéis níos leithne Chónaidhm na Rúise chun saoránaigh na hÚcráine a dhíbirt go neamhdhleathach. Tá Rustam Minnikhanov ar dhuine de cheannairí sinsearacha réigiúnacha na Rúise a bhfuil baint acu le díbirt éigeantach leanaí ón Úcráin go dtí an Rúis. Sáraíonn gníomhaíochtaí Rustam Minnikhanov cearta leanaí na hÚcráine agus sáraíonn siad dlí na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Rustam Minnikhanov freagrach as gníomhaíochtaí agus polasaithe a chur chun feidhme lena mbaintear an bonn d’iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine, agus de chobhsaíocht nó shlándáil san Úcráin, agus ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2113	Aleksandr Mikhailovich KALYAGIN Rúisis: Александр Михайлович КАЛЯГИН	Feidhm: Aire Oideachais agus Eolaíochta Réigiún Zaporizhzhia Dáta breithe: 5.4.1972 Áit bhreithe: PCSS na Rúise roimhe seo (an Rúis anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 501200303128 Pasuimhir: 46 03 948143, arna eisiúint an 14 Samhain 2002 SNILS (Uimhir Chuntais Árachais Aonair): 00151523478 Ríomhphost: am.kalyagin@mon.zo.gov.ru kalyaginam_mgudt@bk.ru	Is é Aleksandr Kalyagin Aire Oideachais agus Eolaíochta réigiún Zaporizhzhia atá faoi riarachán forghabhála na Rúise ó mhí Aibreáin 2025. Sa cháil sin, d'fhormheas sé agus rinne sé maoirseacht ar chur chun feidhme clár oideachais thírghrách i scoileanna lena dtugtar isteach gníomhaíochtaí córasacha idé-eolaíocha agus míleata-tírghrácha do dhaltaí, lena n-áirítear ceachtanna lena gcuirtear insintí stáit chun cinn, gníomhaíochtaí a bhaineann le cuimhne stairiúil na Rúise agus siombailí stáit, agus rannpháirtíocht i dtionscnaimh óige a bhfuil gnéithe míleata-tírghrácha ag baint leo. Ina theannta sin, shínigh Aleksandr Kalyagin comhaontú comhair leis an eagraíocht Uile-Rúiseach "Cumann Deonach um Chúnamh don Arm, don Eitlíocht agus do Chabhlach na Rúise" (DOSAAF) chun cláir don óige a chur chun feidhme arb é is aidhm dóibh oideachas tírghrách a neartú. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais á gcur chun feidhme ag Aleksandr Kalyagin lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2114	Oleg Vladimirovich TROFIMOV ar a dtugtar freisin Oleg Volodimirovych TROFIMOV ar a dtugtar freisin Oleh Volodimirovich TROFIMOV Rúisis; Олег Владимирович ТРОФИМОВ	Feidhm: An tAire Oideachais agus Eolaíochta i “nDaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di Dáta breithe: 2.3.1986 Áit bhreithe: PCSS na Rúise roimhe seo (an Rúis anois) Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 720210651593	Tá Oleg Trofimov ag feidhmiú mar an tAire Gníomhach Oideachais agus Eolaíochta ar “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, ón 31 Lúnasa 2024 agus tá údarás feidhmiúcháin aige ar an gcóras oideachais in Daon-Phoblacht Donetsk,, mar a ghairtear di. Mar Leas-Chathaoirleach ar an gComhairle Comhordúcháin Idir-rannach maidir le hullmhú don tseirbhís mhíleata agus don oideachas míleata-tírghrách, glacann Oleg Trofimov páirt i gcomhordú beartas atá dírithe ar mhionaoisigh ar chríoch na hÚcráine i ndáil lena síolteagasc agus lena n-oideachas míleatathe. Faoi cheannaireacht Oleg Trofimov, thug Aireacht Oideachais agus Eolaíochta téacsleabhair staire atá formheasta ag an stát isteach do gach grád agus tá sí i mbun téacsleabhar aontaithe a chruthú faoi láthair maidir le stair Donbas agus Novorossiya. Ina theannta sin, tá cláir oideachais á gcur chun cinn ag Aireacht Oideachais agus Eolaíochta atá ceaptha dílseacht a chothú do stát na Rúise, dá arm, agus dá insintí stairiúla agus cultúrtha. Thug Oleg Trofimov tacaíocht d’institiúidiú an teagaisc mhíleata-thírghrách, le comhar le heagraíochtaí paraimíleata don óige, agus le hoiliúint réamh-mhíleata agus gníomhaíochtaí spóirt mhíleata a chomhtháthú i scoileanna. Dá bhrí sin, tá gníomhaíochtaí agus beartais á gcur chun feidhme ag Oleg Trofimov lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleatathe mionaoiseach Úcránach.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2115	Irina Viktorivna KRAVCHENKO ar a dtugtar freisin Iryna Viktorovna KRAVCHENKO (Úcráinis: Ірина Вікторівна КРАВЧЕНКО Rúisis: Ирина Викторовна КРАВЧЕНКО)	Feidhm: An Coimisinéir um Chearta Leanaí i réigiún Kherson na hÚcráine atá faoi fhorghabháil ag an Rúis (lucht riaracháin na forghabhála) Dáta breithe: 18.5.1979 Áit bhreithe: Rakivka, Réigiún Kherson, an Úcráin (PSS na hÚcráine roimhe sin, APSS) Náisiúntacht: Úcránach Inscne: baineann	Is í Irina Kravchenko an Coimisinéir um Chearta Leanaí i réigiún Kherson atá faoi fhorghabháil. Sa cháil sin, tá Irina Kravchenko ag tacú le beartais na Rúise a bhaineann le haistriú, asamhlú agus athoideachas idé-eolaíoch leanaí Úcránacha ó chríocha faoi fhorghabháil, agus tá sí ag cur na mbeartas sin chun feidhme. Dá bhrí sin, tá Irina Kravchenko freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chuireann le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc mionaoiseach Úcránach.	28.9.2026
2116	Ali Osmanovich CHOMAEV Rúisis: Али Османович ЧОМАЕВ	Feidhm: bunaitheoir agus stiúrthóir an champa leanaí “Adel”, Dombay, Poblacht Karachay-Cherkess, an Rúis Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 090200108538 OGRNIP (Príomhuimhir Clárúcháin Fiontraí Aonair): 310091922100015	Is é Ali Chomaev bunaitheoir agus stiúrthóir an champa leanaí “Adel” in Dombay, Poblacht Karachay-Cherkess, an Rúis. Sa samhradh, cuireann an campa “Adel” fáilte roimh suas le 130 leanbh idir 7 agus 17 mbliana d’aois. Tríd an gcampa “Adel”, tacaíonn Ali Chomaev le hathlonnú agus óstáil eagraithe leanaí Úcránacha ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Óstálann an campa “Adel” leanaí a aistríodh ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil faoi chláir ina measctar fóillíocht le gníomhaíochtaí idé-eolaíocha agus míleata. Leagtar béim i gcláir oideachais ar an tírghrá, ar dhílseacht shibhialta, ar insintí stairiúla atá ailínithe le stát na Rúise agus ar ghníomhaíochtaí lena gcuirtear seirbhís mhíleata agus cosaint stát na Rúise chun cinn. Dá bhrí sin, tá Ali Chomaev ag tacú le gníomhaíochtaí a chuireann le hasamhlú éigeantach mionaoiseach Úcránach, lena n-áirítear síolteagasc.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2117	Maksim Nikolayevich SHVETS Rúisis: Максим Николаевич ШВЕЦ	Feidhm: Aire Spóirt agus Turasóireachta “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di Dáta breithe: 5.9.1993 Áit bhreithe: Boikivske, an Úcráin Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann Uimhir aitheantais chánach: 614016408726	Is é Maksim Shvets Aire Spóirt agus Turasóireachta “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di. Ina cháil mar Aire Spóirt agus Turasóireachta, cuireann Maksim Shvets cuairteanna ar leachtanna cuimhneacháin cogaidh agus ar shuíomhanna a bhaineann le hinsintí míleata na Rúise chun cinn, bunaíonn sé comhar le Garda Náisiúnta na Rúise chun spóirt a chuireann fórsaí míleata i bhfeidhm a fhorbairt agus chun luachanna tírghrácha a neartú i measc daoine óga, go háirithe do leanaí ó Donbas. Is bunaitheoir agus stiúrthóir an chlub spóirt Power of Donbas é Maksim Shvets, a dhíríonn ar fhorbairt spóirt agus ar oideachas míleata-tírghrách daoine óga. Mar oifigeach sinsearach i riarachán forghabhála “Dhaon-Phoblacht Donetsk”, mar a ghairtear di, cuireann Maksim Shvets comhtháthú an réigiúin sin i stáit na Rúise chun cinn. Cuireann sé insintí míleata-stairiúla na Rúise chun cinn, tacaíonn Maksim Shvets leis an gcomhar le hinstitiúidí slándála na Rúise, molann sé lúthchleasaithe agus eagraíochtaí áitiúla a ionchorprú i gcórais na Rúise, agus tacaíonn sé le tionscnaimh lena dtreisítear smacht na Rúise ar an gcríoch atá faoi fhorghabháil. Dá bhrí sin, tá Maksim Shvets ag cur gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, mionaoiseach Úcránach. Ina theannta sin, cuireann Maksim Shvets beartais chun feidhme ar bagairt iad ar iomláine chríochach agus ar neamhspleáchas na hÚcráine.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2118	Renard Vladimirovich KUTKOVSKY ar a dtugtar freisin Renard KUTKOWSKI Rúisis: Ренард Владимирович КУТКОВСКИЙ	Feidhm: Leas-Cheann Rialtas Chathair Yalta i “bPoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di, san Úcráin; IarCheann ar Roinn Oideachais agus Beartais Óige Rialtas Chathair Yalta i “bPoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di (ó 2015 go 2024) Dáta breithe: 1.5.1983 Áit bhreithe: Lviv, PSS na hÚcráine, APSS Náisiúntacht: Úcránach Inscne: fireann	Is é Renard Kutkovsky Leas-Cheann Rialtas Chathair Yalta i “bPoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di, san Úcráin, agus é i bhfeighil cúrsaí oideachais, cultúir agus beartais óige. Roimhe seo, bhí Renard Kutkovsky ina Cheann ar an Roinn Oideachais agus Beartais Óige, agus chuidigh sé leis an rialachas áitiúil oideachais a mhúnlú.. Ina cháil oifigiúil sa rialtas forghabhála, cuireann Renard Kutkovsky imeachtaí tírghrá státurraithe Rúiseacha chun cinn ina dtugtar le fios go bhfuil gníomhaíochtaí na Rúise dlisteanach, agus tacaíonn sé le hinsintí atá ag teacht le beartas stáit na Rúise. Cuireann Renard Kutkovsky cinntí arna nglacadh faoi chreat cónaidhmeach agus réigiúnach na Rúise chun feidhme. Maidir leis an Roinn Oideachais agus Beartais Óige agus an Roinn Cultúir, atá faoi mhaoirseacht Renard Kutkovsky, cuireann siad chun feidhme beartais oideachais stáit agus réigiúnacha atá ag teacht le caighdeáin chónaidhme na Rúise, trí leabhair arna bhformheas ag an gCreimil a sholáthar, mar shampla. Cuireann na Ranna sin cláir chun cinn freisin lena gcuirtear oiliúint mhíleata agus idé-eolaíoch leanaí chun cinn, cuir i gcás ranganna daltaí agus tionscnaimh Chosacacha. Tá na gníomhaíochtaí sin ceaptha chun córas oideachais Yalta a chomhtháthú le córas oideachais Chónaidhm na Rúise. Tá Renard Kutkovsky freagrach as imeachtaí ina leagtar béim ar dhílseacht don Rúis, taispeántais mhíleata-thírghrácha, agus tionscnaimh um “thógáil thírghrách” atá dírithe ar mhic léinn sa Chrimé atá faoi fhorghabháil a chur chun cinn. Dá bhrí sin, tá beartais á gcur chun feidhme ag Renard Kutkovsky ar bagairt iad ar iomláine chríochach, ceannasacht agus neamhspleáchas na hÚcráine. Ina theannta sin, tá Renard Kutkovsky ag cur gníomhaíochtaí agus beartais chun feidhme lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach mionaoiseach Úcránach, lena n-áirítear a síolteagasc.	28.9.2026

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2185/oj

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2119	Anna Stanislavovna MOLCHANOVA ar a dtugtar freisin Hanna Stanislavivna MOLCHANOVA Rúisis: Анна Станиславовна МОЛЧАНОВА Úcráinis: Ганна Станіславівна МОЛЧАНОВА	Feidhm: Ceann na craoibhe réigiúnaí de “Movement of the First” i gCathair Sevastopol Dáta breithe: 29.1.1989 Áit bhreithe: Monastyryshche, Réigiún Cherkasy, an Úcráin Náisiúntacht: Úcránach, Rúiseach Inscne: baineann Uimhir aitheantais chánach: 920150546734 (an Rúis) Uimhir aitheantais chánach: 3253604269 (an Úcráin)	Is í Anna Molchanova Ceann na craoibhe réigiúnaí de “Movement of the First” i gcathair Sevastopol. Glacann Anna Molchanova páirt ghníomhach i síolteagasc, rúisiú agus míleatú mionaoiseach Úcránach in Sevastopol na Crimé. Faoi cheannaireacht Anna Molchanova, osclaíodh aonaid áitiúla nua de chuid “Movement of the First” i scoileanna. Agus í ina ceannaire réigiúnach ar “Movement of the First”, tacaíonn Anna Molchanova go gníomhach le beartais atá dírithe ar oideachas míleata agus tírghrách do mhionaoisigh go háirithe, agus é mar aidhm leis sin meas a chothú do Chónaidhm na Rúise, dá siombailí agus dá hinsintí, agus tacaíonn sí le gníomhaíochtaí a bhaineann le harm na Rúise a ghlóiriú. Mar chuid dá post, chomhoibrigh Anna Molchanova go gníomhach freisin le heagraíochtaí míleata-tírghrácha eile, Yunarmiya agus an “Defenders of the Fatherland Foundation”, mar shampla. Bhí a craobhsa de “Movement of the First” ar cheann de na chéad chraobhacha a d’eagraigh an cluiche tírghrách-míleata Zarnitsa 2.0 do leanaí scoile, ar cluiche é ina mbíonn cóimeáil agus díchóimeáil raidhfilí Kalashnikov ar na tascanna a dhéantar. Dá bhrí sin, tá Anna Molchanova ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach, agus tá sí á gcur chun feidhme.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
2120	Svetlana Edislavovna BESPALOVA Rúisis: Светлана Эдиславовна БЕСПАЛОВА Úcráinis: Світлана Эдиславівна БЕСПАЛОВА	Feidhm: Leas-Aire Oideachais, Eolaíochta agus Óige “Phoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di Dáta breithe: 15.4.1969 Áit bhreithe: Ceantar Simferopol, réigiún na Crimé, APSS Náisiúntacht: Rúiseach Inscne: baineann Seoladh: 3 Sovnarkomovsky Lane, Simferopol, Poblacht na Crimé, 295000	Is í Svetlana Bespalova Leas-Aire Oideachais, Eolaíochta agus Óige “Phoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di ó mhí Aibreáin 2022 i leith. Is í atá freagrach san aireacht as an gcreat dlíthiúil agus an beartas stáit i réimse an oideachais ghinearálta, as an oideachas sa teanga dhúchais agus, de réir phlean gníomhaíochta na hAireachta, as comhpháirt na ndaltaí airm den oideachas ginearálta a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, tá Svetlana Bespalova freagrach as staid reatha an oideachais i “bPoblacht na Crimé”, mar a ghairtear di agus tá ról tábhachtach aici i síolteagasc agus i rúisiú mionaoiseach Úcránach agus i míleatú an oideachais sa Chrimé. Ina theannta sin, cuireann an Aireacht Oideachais Foraithne Uachtarán Chónaidhm na Rúise chun feidhme, arb é is aidhm di oideachas tírghrách Rúiseach a chur chun cinn. Mar shampla, i measc na ngníomhaíochtaí atá beartaithe chun spriocanna a bhaint amach faoi 2030, tá Svetlana Bespalova freagrach as imeachtaí míleata-tírghrá a bhaineann le ranganna daltaí airm a eagrú, cuir i gcás “Tírghráthóirí a Thógáil”, agus “Léachtaí Suvorov”. Dá bhrí sin, tá Svetlana Bespalova freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach.	28.9.2026’;

Eintitis

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
‘993.	Songdowon International Children’s Camp Cóiréis: 송도원국제소년단야영소	Seoladh: Songdowon District, Wonsan, Kangwon Province, Daon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) Cineál eintitis: Saoráid óige Áit chlárúcháin: DPDC	Is institiúid stát-oibrithe é Songdowon International Children’s Camp [Campa Idirnáisiúnta Leanaí Songdowon] (“an Campa”), arb iad údaráis Dhaon-Phoblacht Dhaonlathach na Cóiré (DPDC) a chruthaigh, a choinníonn ar bun agus a rialaíonn go díreach é. Sa cháil sin, bíonn an Campa páirteach i gcláir eagraithe ina ndéantar leanaí Úcránacha a aistriú ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil shealadach chuig DPDC. Cuirtear na cláir sin chun feidhme i gcomhar le gníomhaithe atá nasctha le Cónaidhm na Rúise, lena n-áirítear tionscnaimh don óige atá cleamhnaithe leis an stát agus údaráis forghabhála, a éascaíonn roghnú, gluaiseacht agus rannpháirtíocht na leanaí. Cuireann an Campa fáiltiú, cóiríocht agus clársceidealú struchtúrtha ar fáil do leanaí rannpháirteacha faoi chuimsiú tionscnaimh um “malartú cultúrtha”, mar dhea. Bíonn feidhm bholscaireachta níos leithne ag na cláir sin, áfach: toisc go nochtar leanaí na hÚcráine do rogha insintí agus gluaiseachtaí atá ceaptha insintí ar son na Rúise a chur chun cinn. Sa chomhthéacs sin, rannchuidíonn an Campa le hiarrachtaí atá dírithe ar riochtú idé-eolaíoch agus rúisiú leanaí Úcránacha, lena n-áirítear a nochtadh do theachtaireachtaí polaitiúla agus do ghnéithe d’oiliúint mhíleata nó d’oiliúint faoi stiúir an stáit. Dá bhrí sin, tá Campa Idirnáisiúnta Leanaí Songdowon freagrach as gníomhaíochtaí agus beartais a chuireann le comhshamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleataithe mionaoiseach Úcránach.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
994.	All-Russian Children's Center "Ocean" ar a dtugtar freisin All-Russian Children's Center "Okean" ar a dtugtar freisin Federal State Budgetary Educational Institution "All-Russian Children's Center 'Ocean'" ar a dtugtar freisin FSBEI "All-Russian Children's Center 'Ocean'" Rúisis: Всероссийский детский центр "Океан" ar a dtugtar freisin Федеральное государственное бюджетное образовательное учреждение "Всероссийский детский центр 'Океан'" ar a dtugtar freisin ФГБОУ "ВДЦ 'Океан'"	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 690108, Primorsky Krai, Vladivostok, Artekovskaya str., 10 Cineál eintitis: Institiúid Bhuiséadach de chuid an Stáit Cónaidhme Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 14.2.1994 BIN/OGRN: 1022502127592 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://okean.org/ Ríomhphost: info@okean.org Teileafón: +7 (423) 230-41-00; +7 (423) 230-41-01 INN/UAC: 2539009984 KPP: 253901001	Is é is All-Russian Children's Center "Ocean" ann institiúid oideachais bhuiséadach de chuid an stáit cónaidhme atá faoi rialú Rialtas na Rúise agus Aireacht Oideachais, a mhaoinítear trí thionscnaimh chónaidhme agus atá ailínithe leis an mbeartas oideachais náisiúnta. Óstálann "Ocean" leanaí ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil, a dtugtar chuig an ionad iad le haghaidh cláir áineasa nó oideachais, mar dhea. Eagraítear na cláir sin i gcomhar le eintiteas liostaithe Yunarmiya agus áirítear iontu atreorú cultúrtha, oideachas atá bunaithe ar bholscaireacht, agus gníomhaíochtaí míleata-tírghrácha darb aidhm leanaí a gcomhtháthú i gcreataí féiniúlachta Rúisí. Dá bhrí sin, tá All-Russian Children's Center "Ocean" ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc, agus oideachas míleatathe mionaoiseach Úcránach, agus tá na gníomhaíochtaí agus na beartais sin á gcur chun feidhme aige.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
995.	Preobrazhensky Defence and Sports Centre ar a dtugtar freisin Preobrazhensky Defense and Sports Center of the Special Forces Fund of the Airborne Forces ar a dtugtar freisin Non-State Educational Institution Training Center “Preobrazhensky” ar a dtugtar freisin Preobrazhensky Educational Center ar a dtugtar freisin Moscow Region Special Forces Center “Preobrazhensky” Rúisis: Преображенского оборонно-спортивного центра ar a dtugtar freisin Преображенского оборонно-спортивного центра Фонда спецназ ВДВ ar a dtugtar freisin Негосударственное образовательное учреждение учебный центр “Преображенский” ar a dtugtar freisin Преображенский ОСЦ	Seoladh: Cónaidhm na Rúise, 107370, Moscó, Otkrytoye highway, 12, building 2 Cineál eintitis: Institiúid oideachais nach institiúid stáit í Áit chlárúcháin: Cónaidhm na Rúise Dáta clárúcháin: 28.6.2010 BIN/OGRN: 1107799020295 Príomháit ghnó: Cónaidhm na Rúise Suíomh gréasáin: https://noyvdv.ru/ Ríomhphost: noyvdv@yandex.ru Teileafón: +7(499)966-73-05 INN/UAC: 7718001540 KPP: 771801001	Reáchtálann Preobrazhensky Defence and Sports Centre cláir spóirt, oiliúna agus oideachais mhíleata-thírghrách faoi stiúir teagascóirí a bhfuil cúlra míleata acu. Óstálann Preobrazhensky Defence and Sports Centreleanaí ó chríocha na hÚcráine atá faoi fhorghabháil. Agus iad á n-óstáil ag Preobrazhensky Defence and Sports Centre, téann na leanaí Úcránacha i mbun oiliúint arm, cleachtaí oirbheartaíochta, teagasc aerbheirthe, agus nochtadh d’insintí míleata-tírghrácha ina leagtar béim ar dhílseacht don stát agus arb aidhm dóibh leanaí a gcomhtháthú i gcreataí féiniúlachta Rúisí. Dá bhrí sin, tá Preobrazhensky Defence and Sports Centre ag tacú le gníomhaíochtaí agus beartais lena rannchuidítear le hasamhlú éigeantach, lena n-áirítear síolteagasc mionaoiseach Úcránach, agus tá na gníomhaíochtaí agus na beartais sin á gcur chun feidhme aige.	28.9.2026

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Cúiseanna	Dáta an liostaithe
